

Polasaí Caomhnú Páiste – Gaelscoil na Camóige

Ráiteas:

Ta an polasaí seo forbaithe agus aontaithe ag an bhfoireann scoile agus Bord Bainistíochta na scoile maidir le chaomhnú páistí. Tugann an polasaí seo eolas faoi fhreagrachtaí na scoile sna hábhair seo a leanas:

- Cosc
- Níosanna
- Cleachtas

Tá cóip den pholasaí seo agus an leabhar, Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ar fáil do gach ball foirne. Tá an dualgas ar gach ball foirne na treoracha seo agus an leabhar Children First a léamh. Is féidir leat Children First a fháil ar www.dohc.ie/publications/children_first

Aidhmeanna:

Is é aidhm an pholasaí seo ná:

- Timpeallacht sábháilte, cineálta a chruthú
- Scileanna sábháilteachta a mhúineadh do na páistí ar fad
- Freagracht agus meabhraíocht faoi chaomhnú páistí a fhorbairt sa chomhphobail scoile
- Níosanna agus modhanna a chleachtadh chun an fhoireann agus na páistí a chosaint
- Cinntiú go bhfuil an fhoireann uiligh ar an eolas faoi threoracha na Roinne
- Tacaíocht ón mBord Bainistíochta chun traenáil foirne breise faoi seo a chur chun cinn

Cosc

Úsáidtear an clár Fan Slán sa scoil chun oideachas faoi chaomhnú páistí a mhúineadh. Múintear an chlár seo mar chuid den churaclam OSPS faoin sraithaonaid Cosaint agus Sábháilteacht. Ag am clárú sa scoil tugtar an t-eolas faoi Fan Slán dos na tuismitheoirí agus tugtar cóip den Treoir Tuistí dóibh.

Má bhíonn fadhbanna ag páiste le riachtanais speisialta an clár Fan Slán a leanúint tabharfaidh an Múinteoir Tacaíocht Foghlama cabhair breise.

Múintear an Clár Fan Slán trí Ghaeilge agus/nó mar cheacht Béarla.

Ag múineadh an Fan Slán smaoiníonn an múinteoir ranga i gcónaí faoi dhifríochtaí cultúrtha sa rang.

Nósanna

Leanfaidh an fhoireann scoile go léir treoracha na Roinne agus na treoracha ata leagtha amach i Children First maidir leis an modh tuairiscithe.

D'ainmnigh Bord Bainistíochta na scoile Caoimhe de Búrca mar an Duine Caidrimh Ainmnithe (DCA) agus Aoife Ní Raghallaigh mar DCA Tánaiste. Beidh ainm an DIA agus an Leas-DIA ar taispeáint in ionad feiceálach gar don phríomhbhealach isteach sa scoil.

Cuirfidh an DIA an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi na cásanna ina dtugtar tuairisc a bhaineann le leanbh de chuid na scoile do FSS agus faoi chásanna inar iarr an DIA comhairle ar FSS.

Cleachtas

Tar éis comhrá idir an fhoireann scoile agus Bord Bainistíochta na scoile d'aontaíomar na chleachtais seo a leanas a úsáid:

a) Teagmháil Fisiciúl . Ní fhágtar páiste ina aonair/haonair le duine fásta. I gcás an tseomra Tacaíochta Foghlama bíonn ceadúnas faighte óna dtuismitheoirí an páiste a chur ag obair leis an múinteoir.

b) Cuairteoirí. Ní fhágtar páistí le cuairteoir riamh seachas Accord bíonn cead faighte óna dtuismitheoirí roimh ré

c) Páistí le riachtanais speisialta i dtaobh úsáid an leithris srl. Má bhíonn riachtanais speisialta i gceist eagrófar cruinniú leis an múinteoir ranga, na tuistí agus an Príomhoide chun teacht ar socrú.

d) Timpistí Leithris. Cabhróidh Éilis leis an múinteoir ranga sa chás seo. Tabharfaidh an múinteoir éadaí glan don pháiste agus glanfaidh an páiste é/í féin le treoir ón múinteoir má bhíonn sé ag teastáil. Glaofaídh Éilis ar na tuistí nó labhróidh an múinteoir ranga leis an dtuismitheoir ag deireadh an lae. Ag an gcéad cruinniú le tuistí nua sa scoil, míneofar an cleachtas seo leo.

e) Athrú éadaí do sport, linn snámha srl. Athrú do chluiche peile/traenáil:

Tagann na páistí ar scoil lena éadaí spóirt faoina éadaí scoile.

Linn Snámha: Tá seomraí beaga ar fáil agus athraíonn na páistí

ansin. Bíonn na cailíní in áit faoi leith agus na buachaillí in áit eile.

Bíonn múinteoir leo an t-am ar fad. Fear dos na buachaillí, bean dos na cailíní. Fanann na páistí ar an múinteoir má tá siad ag iarraidh dul chuig an leithreas i rith an cheacht.

f) Roghnú foirne. Déanfar Garda Vetting ar gach ball foirne ón mbliain 2006 ar aghaidh.

g) Iompar ginearálta. Rachaidh páistí ar theachtaireachtaí i mbeirteanna i gcónaí.

h) Feitheoireacht páistí. Beidh bheirt mhúinteoir ar a laghad, ar an gclós ag gach am sosa. Ar laethanta fliche, rachaidh múinteoir amháin go dtí na bun ranganna, múinteoir eile go dtí na hárd ranganna agus múinteoir eile go Rang 5. Scaipfear Rang 6 idir na ranganna.

i) Níl cead ag níos mó ná páiste amháin an leithreas a úsáid ag aon am amháin.

j) Úsáid an t-idirlíon. Níl cead pictiúir na bpáistí a chur ar an idirlíon gan cead óna dtuismitheoirí. Úsáideann an scoil clár cosanta ar gach ríomhaire chun na páistí a chosaint ón idirlíon.

Déanfaidh an fhoireann scoile gach iarracht na cleachtais seo a leanadh i gcónaí. I gcás práinneach, nuair nach féidir iad a leanadh, tabharfar tuairisc iomlán den eachtra don Phríomhoide, Caoimhe de Búrca agus na tuismitheoirí.

Polasaithe eile

An Curaclam OSPS, Snáthaonaid “Cosc agus Sábháilteacht”
Cód Iompar na Scoile

Athbhreithniú agus Monatóireacht

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach bliain. Déanfar cinnte go mbeadh eolas ag gach ball foirne faoin bpolasaí ach go háirithe baill nua.